Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Deireadh Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**13697/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0342(NLE)**

**TRANS 652**
**COWEB 121**
**ELARG 88**
**FIN 1135**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 21 Deireadh Fómhair 2022 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 538 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE a mhéid a bhaineann leis an athbhreithniú ar na rialacha airgeadais le haghaidh an Chomhphobail Iompair |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 538 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 538 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 21.10.2022
COM(2022) 538 final

2022/0342 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## a mhéid a bhaineann leis an athbhreithniú ar na rialacha airgeadais le haghaidh an Chomhphobail Iompair

GA GA

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Stiúrtha Réigiúnach a bhunú, coiste a bunaíodh faoin gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair ('An Conradh um an gComhphobal Iompair') a mhéid a bhaineann leis an athbhreithniú ar na rialacha agus na nósanna imeachta airgeadais is infheidhme maidir leis an gComhphobal Iompair.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1 An Conradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair

An 1 Bealtaine 2019, rinne Poblacht na hAlbáine, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, Poblacht na Macadóine Thuaidh, an Chosaiv[*](dá ngairtear an Chosaiv anseo feasta), Montainéagró agus Poblacht na Seirbia An Conradh um an gComhphobal Iompair a dhaingniú. Is páirtí é an tAontas Eorpach sa Chonradh um an gComhphobal Iompair agus an 4 Márta 2019 ghlac sé Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chonartha um an gComhphobal Iompair,[1] cinneadh a tháinig i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2019.

### 2.2 An Coiste Stiúrtha Réigiúnach

Bunaítear an Coiste Stiúrtha Réigiúnach le hAirteagal 24 den Chonradh um an gComhphobal Iompair le bheith freagrach as an gConradh sin a riar agus as a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go cuí é. Chun na críche sin, déanfaidh sé moltaí agus cinntí sna cásanna dá bhforáiltear sa Chonradh um an gComhphobal Iompair. Go sonrach, déanann an Coiste Stiúrtha Réigiúnach an méid seo a leanas:

(a) ullmhaíonn sé obair na Comhairle Aireachta,

(b) déanann sé cinntí maidir le coistí teicniúla a bhunú,

(c) déanann sé moltaí agus cinntí i gcomhréir leis an gConradh um an gComhphobal Iompair,

(d) a mhéid a bhaineann le gníomhartha nuaghlactha de chuid an Aontais, déanann sé beart de réir mar is iomchuí, go háirithe tríd an athbhreithniú ar Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh um an gComhphobal Iompair,

(e) ceapann sé Stiúrthóir na Buanrúnaíochta tar éis dul i gcomhairle leis an gComhairle Aireachta,

(f) féadfaidh sé Leas- Stiúrthóir amháin nó níos mó a cheapadh ar an mBuanrúnaíocht,

(g) leagann sé síos rialacha na Buanrúnaíochta,

(h) féadfaidh sé, trí bhíthin cinnidh, leibhéal na ranníocaíochtaí buiséid a athbhreithniú,

---

[*] Ní dochar an t-ainmniú sin do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244 (1999) agus le tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

[1] Cinneadh (AE) 2019/392 ón gComhairle an 4 Márta 2019 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair, IO L 71, 13.3.2019, lgh. 1-4

(i) glacann sé buiséad bliantúil an Chonartha um an gComhphobail Iompair,

(j) glacann sé an cinneadh lena sonraítear an nós imeachta le haghaidh an buiséad a chur chun feidhme, cuntais a thíolacadh agus a iniúchadh agus cigireacht a dhéanamh,

(k) déanann sé cinntí faoi dhíospóidí a chuireann na Páirtithe Conarthacha ina láthair,

(l) glacann sé prionsabail ghinearálta sa réimse a bhaineann le rochtain a fháil ar dhoiciméid, i ndáil le doiciméid atá i seilbh comhlachtaí a bunaíodh leis an gConradh um an gComhphobal Iompair nó a bunaíodh faoin gConradh sin,

(m) glacann sé tuarascálacha bliantúla a chuirtear faoi bhráid na Comhairle Aireachta, maidir le cur chun feidhme an Ghréasáin Chuimsithigh;

(n) i leith gníomhartha áirithe de chuid an Aontais, bunaíonn sé teorainneacha ama agus bealaí i dtaca le trasuí na ngníomhartha sin ag Páirtithe Oirdheisceart na hEorpa.

Tá ionadaí amháin agus ionadaí malartach amháin ar gach Páirtí Conarthacha ar an gCoiste Stiúrtha Réigiúnach. Beidh Ballstáit uile an Aontais in ann a bheith rannpháirteach mar bhreathnóirí. Is d'aon toil a ghníomhaíonn an Coiste Stiúrtha Réigiúnach.

### 2.3 An gníomh atá beartaithe ag an gCoiste Stiúrtha Réigiúnach

Baineann an dréachtchinneadh ón gComhairle le glacadh cinnidh ag an gCoiste Stiúrtha Réigiúnach maidir le hathbhreithniú ar na rialacha airgeadais agus na nósanna imeachta iniúchóireachta is infheidhme maidir leis an gComhphobal Iompair. Glacadh na rialacha airgeadais agus na nósanna imeachta iniúchóireachta reatha is infheidhme maidir leis an gComhphobal Iompair in 2020. Beidh an cinneadh atá beartaithe ceangailteach ó thaobh dlí de ar na Páirtithe faoi Airteagal 25(1) de TCT.

**An Buiséad agus Rialacha Airgeadais**

Leagtar amach an ranníocaíocht a chuirfear i mbuiséad an Chomhphobail Iompair in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an gConradh um an gComhphobal Iompair. Is é 80 % an sciar den bhuiséad a sholáthróidh an tAontas Eorpach agus soláthróidh páirtithe na mBalcán Thiar an 20 % atá fágtha.

Leis an athbhreithniú ar na rialacha airgeadais inmheánacha tabharfar aghaidh ar roinnt srianta a dhéanann difear don Bhuanrúnaíocht. Baineann na hathruithe le tabhairt anonn caiteachais ghealltа ón mbliain fhioscach reatha go bliain fhioscach sa todhchaí a thabhairt isteach; an fhéidearthacht ranníocaíochtaí buiséadacha nár úsáideadh a aisíoc, ath-leithdháileadh buiséid, agus prionsabail agus rialacha soláthair simplithe do chonarthaí a bhfuil luach acu atá níos ísle ná tairseach Threoir 2014/24/AE a thabhairt isteach.

Le glacadh rialacha airgeadais inmheánacha, beidh sé ar chumas Stiúrthóir na Buanrúnaíochta, a luaithe a cheapfar é, buiséad an Chomhphobail Iompair a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 36 den Chonradh um an gComhphobal Iompair.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Chun an Conradh um an gComhphobal Iompair a chur chun feidhme agus le haghaidh neamhspleáchas iomlán airgeadais na Buanrúnaíochta, is gá go nglacfaidh an Coiste Stiúrtha Réigiúnach an cinneadh sin. Mar gur páirtí sa Chonradh um an gComhphobal Iompair é an tAontas, is gá seasamh ón Aontas a bhunú.

I ndáil leis sin, meabhrófar gur eilimint amháin é an Conradh um an gComhphobal Iompair lena neartófar comhar réigiúnach sna Balcáin Thiar, mar a mhínítear tuilleadh sa togra ón gCoimisiún le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le síniú an Chonartha um an gComhphobal Iompair [COM(2017)324 final, sub 'Comhthéacs Ginearálta'].

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1 Bunús dlí nós imeachta

*4.1.1 Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí ón gComhairle lena leagtar síos '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*'.

Áirítear ar na '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla acu de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist. Áirítear orthu sin, freisin, ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach acu faoin dlí idirnáisiúnta, ach '*a d'fhéadfadh tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*'[2].

*4.1.2 An cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht a bunaíodh le comhaontú, mar atá an Conradh um an gComhphobal Iompair, é an Coiste Stiúrtha Réigiúnach.

Is gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla acu na gníomhartha atáthar ag iarraidh ar an gCoiste Stiúrtha Réigiúnach a ghlacadh. Tugtar de chumhacht don Choiste Stiúrtha Réigiúnach rialacha na Buanrúnaíochta a leagan síos i gcomhréir le hAirteagal 30 den Chonradh um an gComhphobal Iompair agus Stiúrthóir agus Leas-Stiúrthóir amháin nó níos mó a cheapadh. Thairis sin, faoi Airteagal 35 den Chonradh um an gComhphobal Iompair, tugtar de chumhacht don Choiste Stiúrtha Réigiúnach an buiséad agus na rialacha rialaithe airgeadais a ghlacadh. De thoradh a gcineáil, agus mar ábhar dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an Coiste Stiúrtha Réigiúnach, tá eilimintí sna rialacha sin a dhéanann difear do sheasamh dlíthiúil na bpáirtithe sa Chonradh um an gComhphobal Iompair agus, dá bhrí sin, do sheasamh dlíthiúil an Aontais freisin. Dá bharr sin, ní mór a mheas gur rialacha iad a bhfuil éifeachtaí dlí acu.

Ní dhéantar creat institiúideach an Chonartha um an gComhphobal Iompair a fhorlíonadh ná a leasú leis na gníomhartha atá beartaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE bunús dlí nós imeachta an chinnidh atá beartaithe.

### 4.2 Bunús dlí substainteach

*4.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar ábhar an ghnímh atá beartaithe agus a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chuid de ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na codanna sin a shainaithint mar

[2] Breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 7 Deireadh Fómhair 2014, 'An Ghearmáin v an Chomhairle', Cás C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

phríomhaidhm nó príomhchuid agus an ceann eile mar aidhm nó cuid theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, eadhon ar an mbunús dlí nach foláir a bheith leis an bpríomhaidhm nó leis an bpríomh-chomhpháirt.

Maidir le gníomh atá beartaithe a bhfuil roinnt cuspóirí éagsúla á saothrú leis ag an am céanna, nó a bhfuil roinnt comhpháirteanna éagsúla ann, ar cuspóirí nó comhpháirteanna iad a bhfuil dlúthnasc doscartha eatarthu gan aon cheann acu a bheith teagmhasach le hais an ceann eile, ní mór, ar bhonn eisceachtúil, na bunúis chomhfhreagracha dlí éagsúla a áireamh sa bhunús dlí substainteach atá leis an gcinneadh faoi Airteagal 218(9).

*4.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Na gníomhartha atá beartaithe, tá siad riachtanach chun go bhfeidhmeoidh an Conradh um an gComhphobal Iompair mar is cuí. Dá réir sin, leis an gConradh um an gComhphobal Iompair, saothraítear cuspóirí i réimsí an iompair de bhóthar, d'iarnród agus d'uiscebhealaí intíre, ar modhanna iompair iad a chumhdaítear le hAirteagal 91 CFAE, agus freisin i réimse an iompair de mhuir, modh iompair a chumhdaítear le hAirteagal 100(2) CFAE, agus tá comhpháirteanna den Chonradh maidir leis na réimsí sin. Ó tá gné chothrománach ar an ngníomh atá beartaithe, baineann an gníomh sin leis na nithe sin go léir.

Dá bhrí sin, tá na forálacha seo a leanas i mbunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe: Airteagail 91 agus 100(2) CFAE.

### 4.3 Conclúid

Is iad Airteagail 91 agus 100(2) CFAE, i dteannta Airteagal 218(9) CFAE, ba cheart a bheith mar bhunús dlí le haghaidh an chinnidh atáthar a mholadh.

2022/0342 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## a mhéid a bhaineann leis an athbhreithniú ar na rialacha airgeadais le haghaidh an Chomhphobail Iompair

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91 agus Airteagal 100(2) de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Shínigh an tAontas an Conradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair ('An Conradh um an gComhphobal Iompair') i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2017/1937 ón gComhairle[3].

(2) Formheasadh an Conradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair thar ceann an Aontais Eorpaigh an 4 Márta 2019[4] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2019.

(3) Bunaíodh an Coiste Stiúrtha Réigiúnach leis an gConradh um an gComhphobal Iompair chun an Conradh um an gComhphobal Iompair a riar agus a chur chun feidhme mar is cuí. Ceanglaítear leis an gConradh um an gComhphobal Iompair go nglacann an Coiste Stiúrtha Réigiúnach rialacha maidir le cur i bhfeidhm an bhuiséid agus maidir le cuntais a thíolacadh agus a iniúchadh.

(4) Tá an Coiste Stiúrtha Réigiúnach le cinntí a ghlacadh go luath maidir leis an athbhreithniú ar rialacha airgeadais agus nósanna imeachtaí iniúchóireachta is infheidhme maidir leis an gComhphobal Iompair.

(5) Is iomchuí an seasamh a bhunú atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Stiúrtha Réigiúnach, óir tá na cinntí sin riachtanach do dhea-fheidhmiú Bhuanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair agus beidh siad ina gceangal ar an Aontas.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair a mhéid a bhaineann leis an athbhreithniú ar na rialacha airgeadais is infheidhme maidir leis an gComhphobal Iompair, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gCoiste Stiúrtha Réigiúnach a ghabhann leis an gCinneadh seo.

---

[3] Cinneadh ón gComhairle (AE) 2017/1937 an 11 Iúil 2017 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair (IO L 278, 27.10.2017, lch. 1).

[4] Cinneadh (AE) 2019/392 ón gComhairle an 4 Márta 2019 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair, IO L 71, 13.3.2019, lgh. 1-4

Féadfaidh ionadaithe an Aontais sa Choiste Stiúrtha Réigiúnach toiliú le mionathruithe ar an dréachtchinneadh gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 2*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*